Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14256/23**

**UEM 326**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/an Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Banka Slovenije |

1. De bhun Airteagal 27.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha arna moladh ag Comhairle Rialaithe BCE agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, iniúchadh ar chuntais BCE agus bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

2. An 10 Deireadh Fómhair 2023, mhol Comhairle Rialaithe BCE Mazars, družba za revizijo, d.o.o. a cheapadh mar iniúchóir seachtrach Banka Slovenije do na blianta airgeadais 2024 go dtí 2026.

3. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh ábhartha, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 12255/23, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.